Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA - CLÁR

	Leathanach
Eolas Ginearálta	2
Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	3-4
Ráiteas Rialachais agus Tuairisc an Rialaitheora Pleanála	5-9
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	10-12
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	13
Ráiteas ar Staid Airgeadais	14
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	15
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	16-22

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

EOLAS GINEARÁLTA

Ceannoifig	Oifig an Rialaitheora Pleanála, Urlár 4 (An Sciathán Thiar), Teach na Páirce, 191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7, D07 EWV4
Foireann Ardbhainistíochta	Niall Cussen - Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála Anne Marie O'Connor – Leas-Rialaitheoir Pleanála agus Stiúrthóir Meastóireachtaí ar Phleananna Gary Ryan – Stiúrthóir Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála Joanna McBride – Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Seirbhísí Corparáideacha
Uimhir Ghutháin:	01 854 6700
Suíomh Gréasáin:	www.opr.ie
R-phost:	info@opr.ie
Iniúchóirí:	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uas. Baile Átha Cliath 1
Baincéirí:	Danske Bank, Corporates & Institutions International House 3 Harbourmaster Place IFSC, Dublin 1
Aturnaetha:	Fieldfisher Suite 401 The Capel Building Mary's Abbey Smithfield, Dublin 7

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

TEASTAS AN ARD-TEACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tuairisc le cur i láthair Thithe an Oireachtais
Oifig an Rialaitheora Pleanála

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Oifig an Rialaitheora Pleanála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 31AG den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna cur isteach ag alt 4 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018). Is éard atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasaíochta suntasacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais radharc cruinn agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Oifig an Rialaitheora Pleanála mar a bhí ar 31 Nollaig 2020 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2020 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme in RA agus Poblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna) mar atá curtha chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Rialaitheora Pleanála agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Oifig an Rialaitheora Pleanála chomh maith leis na ráitis airgeadais. Áirítear anseo an ráiteas rialachais agus tuairisc an Rialaitheora Pleanála agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. San aguisín leis an tuairisc seo tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí i dtaca leis an bhfaisnéis sin, agus i dtaca le nithe áirithe eile a dtugaim cur síos orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Collette Drinan
Thar ceann agus ar son an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
11 Meitheamh 2021

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

TEASTAS AN ARD-TEACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Aguisín leis an tuairisc

Freagrachtaí Oifig an Rialaitheora Pleanála agus an Rialaitheora Pleanála

Sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc an rialaitheora pleanála leagtar amach freagrachtaí na hOifige agus an Rialaitheora Pleanála faoi seach. Tá an Oifig freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a ordaítear faoi Alt 31AG den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna cur isteach ag alt 4 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018)

Tá an Rialaitheoir Pleanála freagrach as

- a chinntiú go dtugtar leis na ráitis airgeadais léargas cóir agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú cé acu an bhfuil sé cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann sé atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis sin.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Alt 31AG den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna cur isteach ag alt 4 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Oifig an Rialaitheora Pleanála agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ina leith.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cé an bhfuil na ráitis airgeadais mar iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó neamhrialtacht. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní barántas é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí más ann dó. Féadfaidh míráitis a bheith ann mar thoradh ar chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, iontu féin nó go carnach, go bhféadfaí a mheas go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirimse breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinním sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus déanaimse measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha faoi na ráitis airgeadais cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis; déanaimse nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighimse fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach mbraithfear míráiteas ábhartha ag eascairt as calaois ná ceann ag eascairt as earráid, toisc go bhféadfaidh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh inteannacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith ann le calaois.
- Faighimse tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimse meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaimse amach cé acu an bhfuil sé oiriúnach bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i dtaca le heachtraí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas Oifig an Rialaitheora Pleanála leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más rud é nach leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo thuairimí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh ócáidí nó coinníollacha sa todhchaí cur ar Oifig an Rialaitheora Pleanála stopadh mar ghnóthas leantach, áfach.
- Déanaimse meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bun-eachtraí ar bhealach a bhaineann cur i láthair amach atá cóir.

Cuirimse in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, an scóip agus an t-amú atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chineál de thuairim dearbhaithe ina leith sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar bhealach eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaimse amach go bhfuil míráiteas ábhartha ar an fhaisnéis eile seo, tá orm an fhíric seo a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na tosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus oibriú. Tuairiscím má tá aon nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nár lean na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím ar bhonn eisceachta freisin más rud é, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar ba cheart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

Rialachas

Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) i mí Aibreáin 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí (Binse Mahon) a bhunaigh an Dáil sa bhliain 1997. Agus a chuid feidhmeanna á cur i gcrích aige, cuireann OPR san áireamh an cuspóir le cuidiú le pleanáil cheart agus le forbairt inbhuanaithe agus an feidhmiú is fearr pleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú. Le hAlt 31P den Acht um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú, (an tAcht), tugtar bonn reachtúil do OPR na trí phríomhfheidhmeanna a chur i gcrích:

- Measúnú neamhspleách a dhéanamh ar phleanáil chun cinn na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach ar fad, lena n-áirítear pleananna forbartha, pleananna limistéir áitiúil, pleananna réigiúnacha spásúla agus straitéisí eacnamaíochta;
- Scrúdú a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann aon údarás pleanála, an Bord Pleanála san áireamh, lena bhfeidhmeanna pleanála a chomhlíonadh; agus
- Cláir náisiúnta taighde, oiliúna, oideachais agus faisnéise poiblí a bhrú chun cinn.

Tá an Rialaitheoir Pleanála freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir. Is ar an Rialaitheoir Pleanála agus an fhoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as bainistiú laethúil, rialú agus treo OPR.

Freagrachtaí OPR

Tá OPR freagrach as measúnú a dhéanamh ar an bpleanáil chun cinn uile ó údaráis áitiúla agus tionóil réigiúnacha, cinntí criosaithe san áireamh. Déanann OPR deimhin de freisin go bhfuil údaráis pleanála ag feidhmiú ar na caighdeáin is airde ionracais agus dea-chleachtais, ag tabhairt muiníne don phobal go nglactar cinntí pleanála tábhachtacha i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta. Tá an chumhacht ag OPR athbhreithniú a dhéanamh ar eagraíocht, córais agus nósanna imeachta a úsáideann údarás pleanála ar bith nó an Bord Pleanála.

Tá an chumhacht ag OPR freisin comhairle a chur ar an Aire cé acu an bhfuil plean a dhéanann údarás áitiúil i gcoimhlint le beartas náisiúnta pleanála agus a mholadh go ndéanfadh an tAire treoracha más rud é nach bhfuil plean ar bith i gcomhréir le beartas náisiúnta. Ina theannta sin, tiomáineann OPR cláir náisiúnta taighde, oideachais agus faisnéise poiblí chun ról agus tairbhe na pleanála a aibhsiú.

Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú tá sé de dhualgas ar OPR:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta,
- cinntí agus meastacháin réasúnta agus críonna a dhéanamh,
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé i mbun gnó, agus
- a rá cé acu ar leanadh aon chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtaítear agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais.

Tá OPR freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choimeád a nochtann a staid airgeadais go sách cruinn ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 31AG den Acht um Pleanáil agus Forbairt, mar a leasaíodh. Tá freagracht ar an Rialaitheoir Pleanála as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin OPR.

Tá OPR freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht OPR ga tagairt don phlean agus buiséad bliantúil. Tá OPR freagrach freisin as a sócmhainní uilig a choimeád slán agus dá bharr sin gach rud is féidir a dhéanamh chun caimiléireacht agus mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc. Measann an Rialaitheoir Pleanála go dtugann Ráitis Airgeadais OPR radharc cruinn agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais OPR ag 31 Nollaig 2020.

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

Le hAlt 31AL den Acht um Pleanáil agus Forbairt, mar a leasaíodh, cuirtear de cheangal ar OPR Cód Iompraíochta a ghlacadh chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun muinín an phobal a chur chun cinn i dtaca le hionracas fheidhmiú a ghnó. Tá an Cód Iompraíochta atá glactha ag OPR ar fáil ar a shuíomh gréasáin. Tá na forálacha sa Chód Iompraíochta ag teacht le riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Struchtúr an Rialaitheora

Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Niall Cussen Uas, an 3 Aibreán 2019 ina chéad Rialaitheoir Pleanála in Éirinn agus tá sé i gceannas ar OPR. Mhol an Rialtas go gceapfaí an tUas. Cussen i ndiaidh próisis oscailte earcaíochta a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Maoinítear OPR faoi fho-cheannteideal D.5. na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Vóta 34.

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca bunaithe ag OPR. Is é ról an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (FARC) tacú leis an Rialaitheoir Pleanála maidir lena fhreagrachtaí do nithe a bhaineann le rialuithe, rialachas corparáideach agus deimhniú a ghabhann leo. Ceapadh comhaltaí den Choiste, agus bunaíodh an Coiste in Eanáir 2020. Tháinig FARC le chéile cúig huaire in 2020.

Is iad comhaltaí an Choiste:-

Comhaltaí Seachtracha:
Pat Macken (Cathaoirleach)
Lorraine O'Donoghue

Comhaltaí Feidhmiúcháin:
Joanna McBride, Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Seirbhísí Corparáideacha
Gary Ryan, Stiúrthóir Athbhreithnithe agus Scrúduithe

Valerie Halpin – Rúnaí leis an gCoiste

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Níor íocadh táillí le comhaltaí an choiste maoirseachta le linn na tréimhse 2020. Áiríodh sna speansais a thabhaigh agus a d'éiligh baill FARC le linn na bliana taisteal agus cothabháil ar luach iomlán €108.42. Seo a leanas sceideal na gcruinnithe a bhí ag FARC le linn 2020.

Tinreamh	Dátaí cruinnithe					Speansais
	31-Ean-20	12-Már-20	25-Mei-20	08-DF-20	07-Nol-20	
Pat Macken	✓	✓	✓	✓	✓	-
Lorraine O'Donoghue	✓	✓	✓	✓	✓	€108.42
Joanna McBride	✓	✓	✓	✓	✓	-
Gary Ryan	✓	✓	✓	✓	✓	-

Athruithe ar Phríomh-Pearsanra

Ní raibh aon athrú ar Phríomh-Phearsanra le linn 2020.

Nochtuithe a Éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Rialaitheoir Pleanála freagrach as a chinntiú gur chomhlíon OPR riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

Sochair Ghearrthéarma Fostaithe

Raon na sochar iomlán fostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	An bhliain dar críoch 2020	Tréimhse 9 mí*
€60,000	- €69,999	2	1
€70,000	- €79,999	1	-
€80,000	- €89,999	6	-
€90,000	- €99,999	-	1
€100,000	- €109,999	-	-
€110,000	- €119,999	-	-
€120,000	- €129,999	-	-
€130,000	- €139,999	1	-
€140,000	- €149,999	-	-
€150,000	- €159,999	-	-

*Don tréimhse ón dáta bunaithe 03 Aibreán 2019 go 31 Nollaig 2019.

Nóta: Chun críche an nochtaithe seo, áirítear le sochair ghearrthéarma fostaithe i dtaca le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe na nithe seo a leanas: tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh ar son an fhostaí ach eisiatar ÁSPS fostóra.

Costais Comhairliúcháin

Áirítear le costais comhairliúcháin costas comhairle sealadaí leis an mbainistíocht agus eisiatar feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó-mar-is-gnách'.

	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Comhairle dlí	55,185	35,686
Caidreamh poiblí/cumarsáid	6,328	13,526
Seirbhísí pleanála gairmiúla	11,858	37,714
Eile – seirbhísí sláinte agus sábháilteachta, seirbhísí soláthair	9.907	-
Iomlán na gcostas comhairliúcháin	**83,278**	**86,926**
Costais comhairliúcháin caipitlithe	-	-
Costais comhairliúcháin gearrtha ar an Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	83,278	86,926
	83,278	**86,926**

Costais Dlí agus Socruithe

Sa tábla thíos tugtar briseadh síos as na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle ghinearálta dlí a fuair OPR a nochtaítear sna costais Comhairliúcháin thuas.

	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Táillí dlí – imeachtaí dlí	-	-
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	-	-
Socruithe	-	-
Iomlán	-	-

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a rangú mar seo a leanas:

	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Intíre		
- Comhaltaí Coiste	108	-
- Fostaithe*	3,722	4,422
Idirnáisiúnta		
- Comhaltaí Coiste	-	-
- Fostaithe	-	435

* In 2019, d'íoc an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta taisteal agus cothabháil thar ceann OPR le linn na tréimhse, €4,711 san iomlán.

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

Caiteachas Fáilteachais

Le linn 2020, níor thabhaigh OPR aon chaiteachas fáilteachais.

Ráiteas Comhlíonta

Chomhlíon OPR leis na riachtanais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, leis na heisceachtaí seo a leanas:

- Forálacha maidir le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról na gcomhaltaí Boird: Tá struchtúr maoirseachta OPR neamhghnách. Níl aon struchtúr Boird ann. Tugann an Rialaitheoir Pleanála faoi ról comhchoiteann Boird. Mar sin, chomh maith lena dhualgais mar "Bhord" a chur i gcrích, cuireann an Rialaitheoir Pleanála feidhmeanna feidhmiúcháin i gcrích.

Niall Cussen
Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála

Dáta: 9 Meitheamh 2021

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Freagracht as Córas do Rialú Inmheánach

Mar Phríomhfheidhmeannach, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go ndéanann OPR córas éifeachtacht de rialú inmheánach a chothabháil agus a oibriú.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil domsa agus mo dhualgas eile mar Cheann Oifige. Ina theannta sin, is cinnteacht réasúnta amháin, seachas cinnteacht iomlán, a chuireann aon chóras de rialú inmheánach ar fáil, go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, bearta airgeadais á gceadú agus taifid chuí á gcoimeád ina dtaobh, agus go seachnaítear earráidí nó mírialtacht ábharach nó go dtabharfaí faoi deara go tráthúil iad. Próiseas leanúnach is ea an córas do rialuithe inmheánacha a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí Comhroinnte

Bunaíodh OPR le feidhm ón 3 Aibreán 2019. Ón am sin, ní raibh a chóras cuntasaíochta féin ag OPR. Bhí socrú eatramhach i bhfeidhm inar próiseáladh an t-ioncam agus caiteachas ar fad ar a shon ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tháinig deireadh leis an socrú seo leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ón 1 Eanáir 2020 agus ag an bpointe sin bhí a chóras cuntasaíochta féin ag OPR agus déanann sé a ioncam agus caiteachas féin ar fad a phróiseáil cé is moite den phárolla. Fanann feidhm an phárolla leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a leann den phárolla a phróiseáil thar ceann OPR.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca bunaithe chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras do rialú airgeadais inmheánach a chur i gcrích.
- Tá na nósanna imeachta do na próisis thábhachtacha ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Tionchar na paindéime Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Le teacht na paindéime Covid-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta a tháinig dá bharr, tháinig athrú tapa agus bunúsach ar cleachtais oibre OPR agus an obair ó chian agus an obair fhíorúil ina ghnáthchás d'fhormhór na foirne OPR.

Tá grinnmhonatóireacht déanta ag OPR ar na forbairtí, ag féachaint le maolú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh dul i gcion ar oibríochtaí gnó, foireann agus geallsealbhóirí OPR. Áirítear i measc na ngníomhartha a rinne an Oifig: -

- Tús a chur le múnla Gnó mar is Gnách OPR agus oibríochtaí gnó na hOifige a aistriú chuig timpeallacht chianoibre inar féidir le formhór na bpróiseas gnó leanúint mar is gnách.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann leis an bpaindéim Covid-19 agus cumas OPR freagairt go héifeachtach.
- A chinntiú go bhfanann deighilt dhaingean de dhualgais agus clúdach a dhóthain ar bun, más rud é nach bhfuil údaráis chuí faofa ar fáil.
- A chinntiú go leantar de na polasaithe agus nósanna imeachta uile i dtaca le cosaint sonraí agus bainistiú taifead a bheith i bhfeidhm sa timpeallacht chianoibre agus go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu mar is gnách.
- A chinntiú go bhfaigheann na baill foirne rochtain ar líonra OPR ag baint úsáid as treallamh TFC ceadaithe

OPR agus go bhfuil na baill foirne go léir atá ag obair ó chian feistithe leis an treallamh TFC riachtanach.
- Measúnú ar an gcumas do laigí i rialuithe inmheánacha ag eascairt as Covid-19 agus bearta a dhéanamh chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair is gá.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun, lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas de tharmligean agus cuntasacht. Áirítear leis seo na gnéithe seo a leanas:
- Tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne tuartha.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh de OPR.
- Tá córais a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí i dtaca leis an rialú ar infheistíocht chaipitil agus disciplíní cuí i dtaca le bainistíocht tionscadail
- Déanann OPR deimhin de go bhfuil béim chuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta ar bun chun a chinntiú go gcomhlíontar leis na treoirlínte chuí go léir.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca

An 1 Eanáir 2020 bhunaigh OPR Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca go hiomlán. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh curtha ar bun ag OPR le pearsanra atá oilte mar is cuí, a oibríonn i gcomhar le cairt scríofa atá faofa agam féin agus ag mo Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca. Bíonn a chuid oibre á threorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil OPR nochtaithe dóibh agus bíonn a phleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, faofa agam féin agus mo Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag OPR a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha atá á dhéanamh ag an mbainistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, oiread is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár riosca ar bun a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair OPR agus tá siad seo aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sa chlár riosca tugtar cur síos ar na rialuithe agus gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar le baill foirne ar leith.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaithe a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don EMT, más ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil rioscaí tábhachtacha agus na rialuithe a bhaineann leo sainaitheanta agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar na rialuithe tábhachtacha seo agus aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú.

Soláthar

Tá nósanna imeachta ar bun ag OPR lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus treoirlínte reatha i dtaca le soláthar mar atá leagtha amach ag Oifig um Sholáthar Rialtais

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag OPR le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta i dtaca le bainistiú agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú OPR ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach á threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an FARC, a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht laistigh de OPR atá freagrach as an bhforbairt agus cothabháil ar an gcreat rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna OPR athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2020. Tá athbhreithniú déanta ag an Rialtas maidir le Rialú Inmheánach ag FARC lena chinntiú go dtugann sé léiriú cruinn ar an gcóras rialaithe i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá dearbhú réasúnta ag OPR go bhfuil an córas Rialaithe Inmheánaigh a cuireadh ar bun agus a cuireadh i bhfeidhm don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020 éifeachtach.

Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach Airgeadais

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánacha airgeadais i dtaca le 2020 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Niall Cussen
Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála

Dáta: 9 Meitheamh 2021

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

	Nótaí	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	2,430,876	1,356,437
Ioncam Iomlán		2,430,876	1,356,437
Caiteachas			
Costais Foirne	3	1,393,633	660,558
Cothabháil agus Forchostais	4	397,737	176,978
Speansais Ghinearálta	5	298,777	111,795
Speansais Seirbhíse	6	177,546	122,009
Dímheas	7	14,175	2,182
Caiteachas Iomlán		2,281,868	1,074,152
Farasbarr don tréimhse roimh leithreasuithe		**149,008**	**282,285**
Aistrithe (go) Cuntas Caipitil		(163,892)	(45,360)
(Easnamh) / Farasbarr don tréimhse i ndiaidh leithreasuithe		**(14,884)**	**236,925**
Iarmhéid tógtha ar aghaidh an 1 Eanáir		236,925	-
Iarmhéid tógtha ar aghaidh an 31 Nollaig		**222,041**	**236,925**

Baineann gach ioncam agus caiteachas don tréimhse le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an dáta tuairiscithe.

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe gach fáltas agus caillteanas a aithnítear sa tréimhse.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 15.

Niall Cussen
Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála

Dáta: 9 Meitheamh 2021

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS
MAR A BHÍ 31 NOLLAIG 2020

	Nótaí	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoin, gléasra agus trealamh	7	209,252	45,360
Sócmhainní Reatha			
Nithe infhaighte	8	14,701	294,687
Airgead tirim agus comhluachanna airgid tirim		274,638	-
Sócmhainní Iomlána		289,339	294,687
Dliteanais Reatha (Suim dlite laistigh de bhliain amháin)			
Nithe iníoctha	9	67,298	57,762
Glanshócmhainní Reatha		222,041	236,925
Glanshócmhainní		**431,293**	**282,285**
A léiríonn			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		222,041	236,925
Cuntas Caipitil	10	209,252	45,360
		431,293	**282,285**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 15.

Niall Cussen
Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála

Dáta: 9 Meitheamh 2021

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

	Nótaí	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
(Easnamh) / Farasbarr don tréimhse		(14,884)	236,925
Aistriú don Chuntas Caipitil		163,892	45,360
Muirear díluachála		14,175	2,812
Laghdú / (Ardú) i Nithe Infhaighte		279,986	(294,687)
Ardú in Nithe Iníoctha		9,536	57,762
Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**452,705**	**48,172**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Iocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a shealbhú	7	(178,067)	(48,172)
Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		**(178,067)**	**(48,172)**
Ardú / (laghdú) in airgead tirim agus comhluachanna airgid tirim		**274,638**	**-**
Airgead tirim agus comhluachanna airgid tirim ag tús na tréimhse		-	-
Airgead tirim agus comhluachanna airgid tirim ag deireadh na tréimhse		**274,638**	-

OIFIG AN RIALAITHEORA PLEANÁLA

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

1. Polasaithe cuntasaíochta

Leagtar amach anseo thíos an bunús le cuntasaíocht agus polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlac OPR. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar feadh na tréimhse

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh OPR faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, mar a leasaíodh, le ceannoifig ag Urlár 4 (An Sciathán Thiar), Teach na Páirce, 191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7. Is í príomhfheidhm na hOifige measúnú agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an bpleanáil chun cinn ó na húdaráis áitiúla agus tionóil réigiúnacha go léir, cinntí criosaithe san áireamh.

b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais OPR do tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2020 i gcomhar le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn, eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar atá curtha chun cinn ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, faoin gcoinbhinsiúin chostas stairiúil, agus cloíonn siad le caighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin mar a luaitear in Deontais Oireachtais thíos. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais in Euro, is é sin airgeadra feidhmiúil OPR.

Baineann na Ráitis Airgeadais a ullmhaíodh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020. Is í an tréimhse chomparáideach an tréimhse 9 mí ón dáta bunaithe 3 Aibreán 2019 go dtí 31 Nollaig 2019.

d) Deontais Oireachtais

Léiríonn ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi Deontais maoiniú a tugadh do OPR trí Vóta ba Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Riarann an Roinn íocaíocht na dtuarastal agus is ionann an tsuim aithnítear mar ioncam agus an mhuinín ar an Vóta chun íocaíochtaí a rinneadh le linn na tréimhse a mhaoiniú.

e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Déantar maoin, gléasra agus trealamh a lua ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar bhonn na líne dírí, ag na rátaí a leagtar amach anseo thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, leasaithe do luach iarmharach, thar a saolta úsáideacha measta, mar seo a leanas: -

Troscán agus Feistis	10%
Trealamh Oifige	20%
Trealamh TF	20%
Bogearraí TF	20%

Déantar luach iarmharach agus saolta úsáideacha sócmhainní seasta a mheas go bliantúil do tháscairí go bhféadfaidís seo a bheith athraithe. Má tá táscairí dá leithéid i láthair, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, modh dímheasa agus saolta úsáideacha, agus déanfar iad seo a leasú más gá. Déantar athruithe ar rátaí dímheasa ag eascairt as an athbhreithniú seo a chur san áireamh thar saolta úsáideacha na sócmhainní atá fágtha.

f) Cuntas Caipitil
Léiríonn an Cuntas Caipitil neamhamúchta an mhaoinithe a caitheadh ar shócmhainní seasta a cheannach.

g) Airgead tirim agus Comhluachanna airgid tirim
Is ionann airgead tirim agus airgead ar fáil agus taiscí prapéilimh.

h) Airgeadraí Iasachta
Déanta idirbhirt a ainmnítear in airgeadraí iasachta a aistriú go euro agus a thaifeadadh ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadra iasachta a aistriú go euro ag na rátaí malartaithe atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe nó ag rátaí conartha ceannaigh chun tosaigh más ann do chonartha dá leithéid.

i) Sochair Scoir
Tá teidlíochtaí pinsin fostaithe OPR clúdaithe ag:

i. Scéim le sochar sainithe atá neamh-mhaoinithe agus á riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó

ii. An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair a thosaigh le feidhm ón 1 Eanáir 2013. Is baill den scéim seo iad gach ball foirne nua a tháinig isteach san eagraíocht ar an dáta sin nó ina dhiaidh sin.

Faoin Acht is Státseirbhísigh iad oifigigh uile OPR, dá réir sin ní éiríonn aon mhuirear sna Ráitis Airgeadais seo do dhliteanais ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaca lena sochair scoir.

j) Léasanna Oibriúcháin
Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an líne dhírí thar thréimhse an léasa.

2. Deontais Oireachtais

	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	2,430,876	1,356,437
	2,430,876	**1,356,437**

Déantar OPR a mhaoiniú ó Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, trí fho-cheannlíne D.5.
Is éard atá sa figiúr deontais an Oireachtais an tsuim a ghearrtar le fo-cheannlíne D.5 in 2020 de €2,481,055 lúide aisíocaíocht costais 2019 de €50,179.

3. Costais Foirne agus Faisnéis Fostaithe

	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Pá agus Tuarastail	1,260,985	490,754
ÁSPC	121,656	42,591
Iasachtaí	3,683	80,231

Costais earcaíochta	7,009	45,207
Costas Comhalta Painéil	300	1,775
Iomlán na gCostas Foirne	**1,393,633**	**660,558**

Aisbhaineadh Asbhaint a Bhaineann le Pinsean i gcomhréir le riachtanais reachtúla. Rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta €48,595 (2019: €23,105) de thobhach pinsin a bhaint agus a choinneáil in 2020.

a) Líon na bhFostaithe

Ba é 21 líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha) ag deireadh na bliana (2019: 15).

b) Costais Foirne agus Faisnéis Fostaithe

Nochtaítear briseadh síos ar shochair fostaithe faoi “Sochair Fostaithe Gearrthéarma” sa Ráiteas Rialachais agus Tuairisc an Rialaitheora Pleanála.

c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh sochair foirceanta le linn na tréimhse.

d) Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Seo a leanas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh in 2020, a ceapadh an 3 Aibreán 2019:

	Bliain dar críoch 2020 €	**Tréimhse 9 mí 2019 €**
Niall Cussen, Uas., Príomhfheidhmeannach	137,225	96,383

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht nó aon sochar comhchineáil eile le linn na tréimhse.

4. Cothabháil agus Forchostais

	Bliain dar críoch 2020 €	**Tréimhse 9 mí 2019 €**
Cíos agus Muirir Seirbhíse	350,373	160,492
Guthán	471	1,454
Deisiúcháin agus Cothabháil	6,963	74
Seirbhísí Ceannacháin	14,549	9,643
Árachas ar áitreabh	25,381	5,315
	397,737	**176,978**

5. Speansais Ghinearálta

	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Taisteal agus Cothabháil *	3,722	146
Speansais TF	55,776	32,585
Cló, Postas agus Stáiseanóireacht	15,913	2,415
Costais Comhdhála agus Seimineáir	-	8,587
Cumarsáid	31,126	43,515
Oiliúint Foirne	2,459	16,030
Urraíocht ar chláir agus taighde	162,400	-
Speansais Oifige Eile	27,381	8,517
	298,777	**111,795**

* Chomh maith le figiúr 2019 thuas, d'íoc an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta taisteal agus cothabháil de luach €4,711 freisin thar ceann OPR le linn na tréimhse.

6. Speansais Seirbhíse

	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Dlí	55,185	35,686
Conarthaí Seirbhísí	31,353	58,710
Cuntasaíocht	67,711	16,113
Iniúchadh Inmheánach	11,797	-
Iniúchadh Seachtrach	11,500	11,500
	177,546	**122,009**

7. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Troscán & Feistis	*Trealamh Oifige*	*Trealamh TF*	*Bogearraí/ Ceadúnais*	*Iomlán*
					€
Costas					
Ag 01 Eanáir 2020	11,669	6,597	1,968	27,938	**48,172**
Breisithe don tréimhse	98,649	37,452	25,791	16,175	**178,067**
Diúscairtí	-	-	-	-	**-**
Ag 31 Nollaig 2020	110,318	44,049	27,759	44,113	**226,239**
Dímheas Carnach					
Ag 01 Eanáir 2020	1,167	563	394	688	**2,812**
Muirear dímheasa don tréimhse	3,632	2,985	1,651	5,907	**14,175**
Diúscairtí	-	-	-	-	**-**
Ag 31 Nollaig 2020	4,799	3,458	2,045	6,595	**16,987**
Glan-Luach Leabhair					
Ag 31 Nollaig 2020	**105,520**	**40,501**	**25,714**	**37,517**	**209,252**
Ag 31 Nollaig 2019	**10,502**	**6,034**	**1,574**	**27,250**	**45,360**

8. Nithe Infhaighte

	Bliain dar críoch 2020	**Tréimhse 9 mí 2019**
	€	**€**
Réamhíocaíochtaí	14,701	290,779
Féichiúnaithe eile	-	3,908
	14,701	**294,687**

Tá gach ní infhaighte dlite laistigh d'aon bhliain amháin.

9. Nithe Iníoctha

	Bliain dar críoch 2020	**Tréimhse 9 mí 2019**
	€	**€**
Suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin:		
Creidiúnaithe agus fabhruithe	65,126	57,762
Cárta Creidmheasa	785	-
Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla	1,387	-
	67,298	**57,762**

10. Cuntas Caipitil

	Bliain dar críoch 2020 €	Tréimhse 9 mí 2019 €
Ag 01 Eanáir 2020	45,360	
Aistriú ó / (chuig) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		
Maoiniú Sócmhainní Seasta	178,067	48,172
Suim a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta	-	-
Amúchadh i gcomhréir le polasaí dímheasa sócmhainne	(14,175)	(2,812)
Comhardú ag 31 Nollaig	209,252	45,360

11. Ceangaltais Léasa

Tá ceangaltais ar OPR i dtaca le léas ar chóiríocht oifige ag Urlár 4 (An Sciathán Thiar), Teach na Páirce, 191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7. Coinnítear é seo trí bhithin léasa a thosaigh i nDeireadh Fómhair 2020. Is don thréimhse 10 mbliana an léas. Is é €160,397 costas bliantúil tosaigh an léasa seachas CBL i dtaca leis an áitreabh.

Ceangaltais Léasa
Ar 31 Nollaig 2020, bhí na híocaíochtaí léasa íosta todhchaí seo a leanas ag OPR faoi léasa neamhinchealaithe:

	Mar a bhí an 31 Nollaig 2020 €
Iníoctha laistigh de 1 bhliain	133,664
Iníoctha laistigh de 2 – 5 bliana	641,588
Iníoctha i ndiaidh 5 bliana	761,886
	1,537,138

12. Ceangaltais Caipitil

Ní raibh aon cheangaltais caipitil an 31 Nollaig 2020.

13. Idirbhirt le Páirtithe Gaolmhara / Nochtadh Leasanna

Cloíonn OPR leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh leasanna ag an Rialaitheoir Pleanála agus comhaltaí/foireann OPR. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann lena chinntiú go gcloítear le riachtanais an Chóid. Níor tuairiscíodh aon idirbhirt le páirtithe gaolmhara in 2020.

Is iad luach na hardbhainistíochta in OPR an Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála, an Leas-Rialaitheoir Pleanála agus Stiúrthóir Meastóireachtaí ar Phleananna, an Stiúrthóir Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála agus an Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Seirbhísí Corparáideacha. Ba é €395,932 an pá iomlán a íocadh le baill den ardbhainistíocht in 2020 (2019: 9 mí - €226,964).

14. Eachtraí i ndiaidh an Dáta Tuairiscithe

Ní raibh aon eachtraí idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráitis airgeadais seo a éilíonn go leasófar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Rialaitheoir Pleanála gur eachtra shuntasach í an phaindéim Covid-19 atá ar bun ó luath-Mhárta 2020. Tá grinnmhonatóireacht déanta ag an Rialaitheoir Pleanála ar thionchar Covid-19 ar OPR ó luath-Mhárta 2020 agus leanfaidh sé á dhéanamh sin le linn na tréimhse éigeandála. Leanann an ghnólacht ag feidhmiú le bearta ar bun chun an fhoireann agus cliaint OPR a chosaint. Go dtí seo, tá na hoibríochtaí á gcoinneáil ar siúl agus oiriúnú á dhéanamh don bhealach éagsúil ina bhfuil an gnó á sholáthar. Tá grinnmhonatóireacht á dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar oibríochtaí OPR agus cuirtear tuartha rialta ar shreabhadh airgid ar fáil chuig an Rialaitheoir Pleanála agus chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Agus meastóireacht á dhéanamh aige ar na rioscaí seo, measann an Rialaitheoir Pleanála go leanfaidh gnó OPR, atá maoinithe ag an Státchiste tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, sa todhchaí agus mar sin d'fhaomh an Rialaitheoir Pleanála na cuntais seo ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála na Ráitis Airgeadais an 9 Meitheamh 2021.